Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**Lucsamburg, 14 Meitheamh 2021**
**(OR. en)**

**8848/21**

**DEVGEN 96**
**ACP 43**
**RELEX 437**
**FIN 362**
**OCDE 11**
**SUSTDEV 65**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 14 Meitheamh 2021 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8595/21 |
| Ábhar: | Comhpháirtíochtaí an Aontais le tíortha meánioncaim: Deiseanna don chlár oibre don fhorbairt san idirthréimhse<br>Conclúidí ón gComhairle (14 Meitheamh 2021) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le comhpháirtíochtaí an Aontais le tíortha meánioncaim: Deiseanna don chlár oibre don fhorbairt san idirthréimhse, mar a ghlac an Chomhairle iad ag an 3802ú cruinniú a bhí aici an 14 Meitheamh 2021.

**IARSCRÍBHINN**

**Comhpháirtíochtaí an Aontais le tíortha meánioncaim:
Deiseanna don chlár oibre don fhorbairt san idirthréimhse**

**Conclúidí ón gComhairle**

1. Cuireann an Chomhairle chun suntais tiomantas an Aontais agus a Bhallstáit páirt a ghlacadh in idirphlé beartais agus i gcomhpháirtíochtaí idirnáisiúnta le tíortha meánioncaim, i gcomhréir leis an gComhdhearcadh nua Eorpach maidir le Forbairt. Measann an Chomhairle gur cheart don Aontas leanúint de bheith i dteagmháil le tíortha meánioncaim faoi chuimsiú na hIonstraime um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta (NDICI) – An Eoraip Dhomhanda atá ar na bacáin, agus aitheantas á thabhairt dá nádúr éagsúil, do na dúshláin a ghabhann leo agus dá raon feidhme geografach leathan.

2. Is mór ag an gComhairle ról na dtíortha meánioncaim ina gcáil mar ranníocóirí agus mar phríomh-chomhpháirtithe a mhéid a bhaineann le Clár Oibre 2030 agus na 17 sprioc forbartha inbhuanaithe (SFInna) a ghabhann leis a bhaint amach, mar aon le Comhaontú Pháras, i bhfianaise luachanna comhroinnte agus leasanna frithpháirteacha. Cuireann an Chomhairle chun suntais an luach straitéiseach a bhaineann le teagmháil le tíortha meánioncaim sa chomhthéacs reatha geopholaitiúil chun leasanna agus tosaíochtaí an Aontais a bhaint amach agus chun tacú leis an iltaobhachas éifeachtach agus leis an ord idirnáisiúnta riailbhunaithe.

3. Tugann an Chomhairle dá haire agus is cúis imní di tionchar díréireach ghéarchéim COVID-19 ar thíortha atá i mbéal forbartha, lena n-áirítear tíortha meánioncaim, mar a léirítear leis an gcreimeadh atá á dhéanamh ar ghnóthachain forbartha, an tionchar diúltach atá á imirt ar an bhforbairt dhaonna, go háirithe do chailíní agus do mhná, chomh maith le dúshláin shocheacnamaíocha atá ag dul in olcas, go háirithe an bhochtaineacht, neamhionannas atá ag dul i méid agus éagobhsaíocht pholaitiúil. I ndáil leis an méid sin, cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir gur gá céimeanna siar breise a sheachaint, an athléimneacht a thógáil agus téarnamh cuimsitheach inbhuanaithe a chur chun cinn i gcomhréir le cur chuige ‘atógáil ar dhóigh níos fearr agus níos glaise’, faoi threoir na spriocanna forbartha inbhuanaithe.

4. Tugann an Chomhairle dá haire gur próiseas ilghnéitheach neamhlíneach í an fhorbairt agus nach dtagann deireadh leis na dúshláin a ghabhann le tíortha comhpháirtíochta a luaithe a mbainfidh siad stádas meánioncaim amach. Ba cheart féachaint níos faide ná OTI *per capita* le tomhais forbartha agus gnéithe eile a mheas, lena n-áirítear neamhionannais sna tíortha agus an t-athrú aeráide.

5. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir gur cheart don Aontas aghaidh a thabhairt ar na dúshláin shonracha a bhaineann le tíortha a théann ó chatagóir tíre go catagóir tíre, lena n-áirítear ó na tíortha is lú forbairt (LDC) go dtí na tíortha ísealioncaim go meánioncaim (LMIC), ag tacú leis an aistriú inbhuanaithe chuig cineálacha eile maoinithe agus comhair don fhorbairt. I bhfianaise an mhéid sin, meabhraítear don Chomhairle gur foinse mhór airgeadais é ODA do na tíortha is lú forbairt agus do stáit leochaileacha, nach bhfuil an acmhainn intíre acu teacht ar mhaoiniú ó fhoinsí eile.

6. Cuireann an Chomhairle i dtreis freisin gur cheart don Aontas leanúint de bheith i dteagmháil ar bhonn polaitiúil le tíortha ard-mheánioncaim , lena n-áirítear tíortha a dteastaíonn níos lú cineálacha lamháltais cúnaimh uathu nó nach dteastaíonn cúnamh ar bith uathu ach atá fós ag dul i ngleic le neamhionannais.

7. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún, ar SEGS agus ar na Ballstáit oibriú le tíortha meánioncaim i gcomhréir leis an gcur chuige 'comhar níos fearr le chéile' agus cur chuige Fhoireann na hEorpa, lena n-áirítear, i gcás na dtíortha sin a bhaineann tairbhe fós as tacaíocht airgeadais an Aontais trí, *inter alia*, comhphleanáil agus tionscnaimh Fhoireann na hEorpa.

8. Tacaíonn an Chomhairle le cur in oiriúint comhpháirtíochtaí do chásanna a bhaineann go sonrach le tíortha ar leith agus don dinimic réigiúnach; is mór aici an t-idirphlé leis na contrapháirtithe ábhartha, lena n-áirítear an tsochaí shibhialta agus an earnáil phríobháideach, d'fhonn úinéireacht agus ailíniú níos fearr lena gcuid straitéisí agus a gcuid riachtanas maoiniúcháin a áirithiú.

9. Molann an Chomhairle don Choimisiún, do SEGS agus do na Ballstáit cur chuige il-gheallsealbhóra solúbtha a leanúint, agus leas iomlán éifeachtach á bhaint as bosca uirlisí Fhoireann na hEorpa. Ag brath ar stádas agus ar riachtanais forbartha na dtíortha comhpháirtíochta, féadfar an méid seo a leanas, *inter alia*, a áireamh ar na cineálacha comhair: (i) idirphlé polaitiúil agus beartais, lena n-áirítear saoráidí idirphlé solúbtha; (ii) ionstraimí airgeadais nuálacha (e.g., CEFI+ atá ar na bacáin); (iii) deontais, lena n-áirítear tacaíocht bhuiséadach; (iv) comhroinnt eolais, cúnamh teicniúil idir piaraí, saineolas ón earnáil phoiblí (trí TAIEX, Nascadh agus cineálacha eile piarfhoghlama; comhar triantánach agus Theas-Theas); agus, (v) taidhleoireacht phoiblí.

10. Cuireann an Chomhairle i dtreis gur gá tacú le tíortha comhpháirtíochta slógadh éifeachtach acmhainní intíre a fheabhsú, lena n-áirítear córais chaiteachais phoiblí atá cuntasach agus trédhearcach, córais chánach, comhar maidir leis na margaí airgeadais agus caipitil agus an spás fioscach, chomh maith le sreabha aindleathacha airgeadais a chomhrac. An trédhearcacht a mhéadú, athchóirithe fioscacha a neartú, fothú acmhainneachta institiúideach, an dea-rialachas, an smacht reachta, creataí frithéillithe, an timpeallacht infheistíochta agus bainistiú airgeadais phoiblí, tá ról lárnach ag an méid sin sa chomhthéacs sin. Aithníonn an Chomhairle freisin an ról lárnach atá ag an trádáil le haghaidh forbairt eacnamaíoch inbhuanaithe chuimsitheach agus cuireann sí i dtreis gur gá feabhas a chur ar acmhainneacht na dtíortha comhpháirtíochta dul i mbun trádála.
11. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá cur chuige idirnáisiúnta comhordaithe i leith cóireáil fiachais laistigh den ollstruchtúr idirnáisiúnta fiachais atá ann cheana, lena n-áirítear i ndáil le chur chun feidhme iomlán agus trédhearcach Thionscnamh G20-Club Pháras chun Seirbhísiú Fiachais a chur ar Fionraí (DSSI) agus Creat Comhchoiteann um Chóireáil Fiachais lasmuigh de DSSI, do thíortha incháilithe. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé go mbeidh creidiúnaithe oifigiúla déthaobhacha agus príobháideacha rannpháirteach ar théarmaí inchomparáide agus fiachas neamh-inbhuanaithe á láimhseáil acu.
12. Aithníonn an Chomhairle go dteastaíonn foirmeacha comhlántacha a mhéid a bhaineann le forbairt a thomhas agus a thuairisciú chun ceanglais Chlár Oibre 2030 a chomhlíonadh amhail an tacaíocht oifigiúil iomlán le haghaidh na forbartha inbhuanaithe (TOSSD).
13. Molann an Chomhairle don Choimisiún, do SEGS agus do na Ballstáit cuir chuige i leith aistrithe a phlé le tíortha comhpháirtíochta agus machnamh a dhéanamh ar bhealaí chun folús sna cláir a sheachaint agus ar chineálacha nua comhair idirnáisiúnta chun caidrimh a thógáil amach anseo a bhfuil níos mó i gceist leo ná cabhair amháin. I ndáil leis an méid sin, molann an Chomhairle freisin go dtabharfaí aghaidh ar phríomhchuspóirí an Aontais maidir leis an mbeartas eachtrach agus trádála, chomh maith le hearraí poiblí domhanda, lena n-áirítear an comhshaol agus an t-athrú aeráide.
14. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún, ar SEGS agus ar na Ballstáit féachaint ar na ceachtanna a foghlaimíodh maidir le tacú le haistrithe inbhuanaithe agus comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta le tíortha meánioncaim a chur chun cinn agus na ceachtanna sin a chomhroinnt lena n-áirítear, *inter alia*, i gcomhar le ECFE.
15. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún, ar SEGS agus ar na Ballstáit de mheon Fhoireann na hEorpa, a áirithiú go mbeidh iarrachtaí an Aontais follasach agus go gcuirfear in iúl iad go héifeachtach agus leanúint de comhghníomhaíochtaí a dhéanamh chun dul i ngleic leis an mbréagaisnéis, lena n-áirítear trí chomhordú idir Toscaireachtaí an Aontais agus na Ballstáit ar leibhéal na tíre.